# Ráiteas um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí

Meán Fómhair 2022

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

## Ainm agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Cuireann CNCM comhairle ar an Aire Oideachais maidir le:

- curaclam agus measúnú don oideachas luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Is struchtúr ionadaíoch í CNCM, a chinneann an tAire a ballraíocht. Tá 26 comhalta ar an gComhairle, agus ceaptar iad go léir ar feadh téarma trí bliana. Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar mhúinteoirí, ar scoláirí, ar bhainisteoirí scoile, ar thuismitheoirí, ar leasa gnó, ar cheardchumainn, agus ar spéiseanna oideachais eile. Is cuid lárnach de chuid oibre CNCM í obair i gcomhpháirtíocht agus forbraítear comhairle trí thaighde, trí chomhairliúchán, trí mhachnamh agus tríd an líonrú. Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag CNCM, faoi Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a théann i mbun taighde agus comhairliúchán le paistí agus daoine óga thar oideachas luathbhlianta, oideachas bunscoile agus oideachas iar-bhunscoile

Tá CNCM lán tiomanta chun folláine na bpáistí, agus na ndaoine óga go léir lena n-oibríonn an Chomhairle a chosaint. Cruthaíonn an *Acht um Thús Áite do Leanaí* (2015) **oibleagáidí reachtúla** i dtaobh leas agus cosaint páistí. Cuireann an tAcht oibleagáidí sonracha ar eagraíochtaí ar fáil a sholáthraíonn seirbhísí do pháistí agus do dhaoine óga. *Tús Áite do Leanaí:* Leagann *Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017), agus *Cumhdach Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas (2018)* ó Tusla na dualgais dhea-chleachtais (neamhreachtúil) atá i bhfeidhm do chách ar leith ó gach earnáil den tsochaí. **Feidhmíonn oibleagáidí reachtúla faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí,* (2015) taobh le taobh**

**leis na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla).** I gcomhréir leis na riachtanais seo faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015) agus na hoibleagáidí dea-chleachtais, aontaíonn CNCM an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach san doiciméad seo.

# Prionsabail threoracha

- Tá CNCM tiomanta do na caighdeáin is airde is féidir de chumhdach páistí a choimeád, ar aon dul leis an reachtaíocht iomchuí agus bunaithe ar an dea-chleachtas.
- Tá CNCM tiomanta le páistí agus le daoine óga, lena sábháilteacht, a leas agus a bhforbairt a chinntiú mar chroíchuspóir agus croíthosaíocht trína bheith rannpháirteach.
- Tá CNCM tiomanta chun rúndacht na n-ábhar imní um chosaint agus chumhdach páistí a chinntiú.
- Tá CNCM tiomanta chun seasamh le cearta gach páiste agus duine óg a ghlacann rannpháirt i ngníomhaíochtaí lena mbaineann pearsanra CNCM agus iad siúd atá conraithe thar ceann CNCM, lena n-áirítear an ceart dá gcoinneáil sábháilte agus faoi chosaint in aghaidh na díobhála, dá n-éisteacht agus dá gcloisteáil.
- Tá CNCM tiomanta chun oiliúint a chur ar phearsana i gcomhréir lena riachtanais, freagrachtaí agus cuspóir a n-idirghníomhaithe le páistí agus le daoine óga.
- Rachaidh CNCM i gcomhairle leis an údarás reachtúil ábhartha i dtaca le cosaint agus cumhdach leanaí. Beidh meas ag CNCM ar riachtanais rúndachta agus cosaint agus cumhdach páistí á phlé.
- Ceapadh Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA) le freagracht as na foirne luath-óige agus bunscoile agus iar-bhunscoile de réir an chleachtais is fearr faoin Treoir Náisiúnta Thús Áite do Leanaí.

Foireann na Luath-Óige agus na Bunscoile

Is é Patrick Sullivan an *Duine Idirchaidrimh Ainmnithe* (DIA) don Luath-Óige agus don Bhunscoil

Sonraí teagmhála: patrick.sullivan@ncca.ie / 087 9884896

Is é Derek Grant an *Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe* (Leas-DIA) don Luath-Óige agus don Bhunscoil

Sonraí teagmhála: derek.grant@ncca.ie / 087 6038198

Foireann Iar-bhunscoile

Is é Barry Slattery an *Duine Idirchaidrimh Ainmnithe* (DIA) don Iar-bhunscoil

Sonraí teagmhála: barry.slattery@ncca.ie / 087 2555086

Is é Ben Murray an *Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)* don Iar-bhunscoil

Sonraí teagmhála: ben.murray@ncca.ie / 087 2297263

# Measúnú riosca

Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí bunaithe ar mheasúnú riosca a rinneadh laistigh de CNCM chun aon fhéidearthacht díobhála do pháiste nó do dhuine óg a aithint agus páirt á glacadh acu i ngníomhaíochtaí/imeachtaí a éascaíonn foireann CNCM, agus tacaíocht le curaclam agus measúnacht iontu mar sprioc. Chuir an Mheitheal Tús Áite do Leanaí an chéad mheasúnú riosca i gcrích. Is é an aidhm atá aici ná athbhreithniú leanúnach agus feidhmiú ó thaobh nósanna imeachta cosaint agus cumhdach paistí laistigh de CNCM. Cuimsíonn an bhallraíocht an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ón bhfoireann Luath-Óige agus don Bhunscoil, Oifigeach Oideachais ón bhfoireann Luath-Óige agus don Bhunscoil, an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ón bhfoireann Iar-bhunscoile agus Oifigeach Oideachais ón bhfoireann Iar-

bhunscoile. Ullmhaítear é i gcomhréir freisin le hAlt 11(1)(a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a shainmhíníonn riosca mar *aon bhaol go ndéanfar díobháil do leanbh fad a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dó/di.* Sainmhíníonn Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí ar dtús 2015 díobháil mar seo a leanas: *'ciallaíonn díobháil i ndáil le leanbh - (a) ionsaí, drochíde nó faillí ar an leanbh ar bhealach a dtéann i bhfeidhm go mór, nó ar dóigh dó a bheith dáiríre difear do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó, (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh.'* Tábla 1: Tá liosta de na réimsí riosca díobhála a sainaithníodh i Measúnú Riosca Scríofa agus breac-chuntas de na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí aitheanta seo a bhainistiú.

***Tábla 1: Measúnú Riosca Scríofa***

| **Riosca aitheanta** | **Nósanna imeachta i bhfeidhm chun riosca aitheanta a bhainistiú** |
|---|---|
| Riosca dochair ó thaobh foireann CNCM i leith páiste, duine óg nó aosach leochaileach le linn cuairteanna scoile nó ag ócáidí a eagraíonn CNCM. | • Deimhníonn foireann CNCM go bhfuil duine fásta eile i láthair agus taighde agus comhairliúchán le páistí agus daoine óga faoi bhun.<br>• Nach nglacann foireann CNCM páirt i gcaidreamh aonair le páistí agus daoine óga gan duine fásta eile a bheith i láthair. I gcás suíomh luathbhlianta, caithfidh an duine fásta eile a bheith ina chleachtóir luathbhlianta.<br>• Caithfidh duine fásta a bheith in éineacht le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a théann go himeachtaí a eagraíonn CNCM.<br>• Tacóidh Oifigigh Idirchaidrimh CNCM um Chosaint Leanaí, atá freagrach as Cosaint |

| | |
|---|---|
| | agus Cumhdach Leanaí, le leas agus folláine páistí ag imeachtaí a eagraíonn CNCM. |
| Riosca dochair i leith páistí, daoine óga nó aosach leochaileach le linn dóibh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoi threoir CNCM, go háirithe iad siúd le RSO nó iad siúd atá leochaileach. | • Lorgaítear toiliú scríofa ó thuismitheoirí/chaomhnóirí páistí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois agus ó dhaoine óga os cionn 18 mbliana d'aois.<br>• Tabharfar cóip de Phrionsabail Threoracha CNCM chun páistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar (leathanach 1 den Ráiteas um Chumhdach Leanaí) do na scoileanna agus suíomhanna ar fad ina bpléann CNCM le scoláirí.<br>• Cinntíonn foireann CNCM go dtugtar tús áite d'fholláine an pháiste agus an duine óig an t-am ar fad.<br>• Is féidir le réamh-chumarsáid idir an scoil agus foireann CNCM tuilleadh tacaíochta a thabhairt do scoileanna chun tacaíocht bhreise a ullmhú do pháistí nó daoine óga rannpháirteacha atá leochaileach nó a bhfuil RSO acu.<br>• Cuirfear páistí agus daoine óga ar an eolas maidir lena gcuid ceart a bheith rannpháirteach agus scor den rannpháirtíocht ag aon am. Aontóidh foireann CNCM, roimh ré leis an scoil / eagraíocht / tuismitheoirí ábhartha, an nós imeachta chun é seo a éascú.<br>• Tabharfaidh CNCM faoi mheasúnú riosca ar áit nó suíomh imeachtaí ina mbíonn páistí nó daoine óga i láthair. |

| | |
|---|---|
| Riosca dochair ó thaobh foireann CNCM i leith páistí, duine óg nó aosach leochaileach ó ábhair imní nach dtugtar faoi deara, nach dtacaítear leo agus nach dtuairiscítear. | • Cuirtear oiliúint ar fáil trí ionduchtú agus ar bhonn leanúnach d'fhoireann CNCM i gcoibhneas lena riachtanais agus leibhéal na teagmhála le páistí agus le daoine óga.<br>• Ceaptar go bhfuil cleachtadh ag foireann CNCM leis an bhfaisnéis curtha ar fail sa Treoir Náisiúnta Thús Áite do Leanaí ar mhí-úsáid a aithint, déileáil le nochtadh agus a bhfreagracht tuairisciú a dhéanamh. |
| Riosca dochair ó pháiste, duine óg nó aosach leochaileach a shainaithint i saothar foilsithe | • Cuireann CNCM aon saothar foilsithe ina fheictear páiste agus daoine óga faoi cheilt trína chinntiú go bhfuil a n-ainmneacha bainte amach.<br>• Déanann CNCM dianiarracht chun an riosca a bhaineann leis an bhfoilsiú de ghrianghraif de pháistí agus daoine óga a theorannú. Ní féidir ainmneacha na bpáistí, na ndaoine óga agus a gcuid scoileanna/suíomhanna a aithint. Níl aon ghné sho-aitheanta, amhail mana scoile, infheicthe i ngrianghraif.<br>• Úsáideann CNCM próiseas a mbaineann dhá chéim leis le beirt comhghleacaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil gnéithe agus eolais so-aitheanta bainte roimh an bhfoilseachán.<br>• Stóráiltear aon mhionsonraí pearsanta bailithe faoi thoiliú go sábháilte mar chuid de Pholasaí um Chosaint Sonraí CNCM. |

# Nósanna imeachta

Chomh maith leis na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na rioscaí aitheanta i dTábla 1 a bhainistiú, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas le cuspóir CNCM le páistí a chosaint agus leas á bhaint acu as ár seirbhís.

## Nós imeachta maidir le líomhaintí faoi mhí-úsáid nó mí-úsáid pháiste linbh ag foireann CNCM a bhainistiú

- Baineann CNCM leas as Cód Caighdeáin agus Iompraíochta Státseirbhíse agus Cód Disciplín na Státseirbhíse a leagann amach na caighdeáin dóibh siúd i mbun oibre sa Státseirbhís agus conas ba cheart bainistíocht a dhéanamh ar líomhaintí faoi mhí-úsáid nó mhí-iompar i gcoinne fostaithe.

## Nós imeachta maidir le hearcú foirne sábháilte agus roghnúchán foirne sábháilte lena n-áirítear iad siúd atá ag obair ar conradh agus atá ag tabhairt faoi obair choimisiúnaithe nuair a bhíonn teagmháil ann le leanaí agus le daoine óga.

- Earcaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gach ball foirne lánaimseartha buan trí chomórtais thar ceann CNCM. Bíonn siad faoi réir grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas seo.
- Ba chóir go mbeadh foireann ar iasacht ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus cruthúnas grinnfhiosrúcháin a sholáthar ón gComhairle Mhúinteoireachta ag tús na hiasachta.
- Ba choir go soláthródh múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile cruthúnas grinnfhiosrúcháin a fhaightear tríd an gComhairle Mhúinteoireachta ag tús na hiasachta agus iad ag tabhairt faoi obair choimisiúnaithe thar ceann CNCM.

- Déanann CNCM Grinnfhiosrúchán Garda d'fhoireann nach n-earcaítear trí cheann de na trí phróiseas thuas, agus do dhaoine aonair a thugann faoi obair choimisiúnaithe nó atá ar conradh oibriú thar ceann CNCM ina mbíonn rannpháirtíocht le phaistí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí agus/nó ag imeachtaí arna n-éascú ag CNCM. Éilíonn CNCM orthu siúd a thugann faoi obair choimisiúnaithe le páistí agus daoine óga fianaise a sholáthar ar chosaint leanaí agus oiliúint chumhdaigh.
- Éilíonn CNCM, mar chuid de phróisis tairisceana, fianaise dhoiciméadach go bhfuil nósanna imeachta ábhartha um chosaint agus cumhdach páistí i bhfeidhm ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí ar conradh chun taighde a sholáthar ina bhfuil leanaí agus daoine óga páirteach.

## Nós imeachta chun imní maidir le cosaint páistí nó leas páistí a thuairisciú do Tusla

- Tá nósanna imeachta soilire ag CNCM chun imní maidir le cosaint páistí nó leas páistí a thuairisciú do Tusla.

## Nós imeachta don choimeád de liosta pearsanra sainordaithe (más ann).

- Coimeádann an DIA ón bhfoireann Luath-Óige agus don Bhunscoil liosta pearsana sainordaithe san eagraíocht ar an bhFoireann Luath-Óige agus don Bhunscoil. Coimeádann an DIA ón bhfoireann iar-bhunscoile liosta pearsana sainordaithe san eagraíocht ar an bhFoireann Iar-bhunscoile.

## Nós imeachta don cheapachán de dhuine ábhartha

- Is é an duine ábhartha in CNCM chun críocha na coda seo den Acht **Arlene Forster (POF).** Ba cheart gach fiosrú teicniúil i ndáil leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a sheoladh chuig arlene.forster@ncca.ie

### Nós imeachta le haghaidh soláthar agus rochtain ar oiliúint agus faisnéis um chumhdach páistí, lena n-áirítear sainaithint gur tharla díobháil

- Scaipfear an Ráiteas um Chumhdach Páistí chuig gach ball d'fhoireann CNCM ar a chríochnú. Cuirfear cóip ar fail dóibh siúd atá ar conradh agus a coimisiúnaíodh nuair atá obair le paistí agus le daoine óga i gceist.
- Soláthraíonn Meitheal Oibre Tús Aite do Leanaí an CNCM acmhainní, nuashonruithe agus eagraíonn siad oiliúint don fhoireann mar chuid de nósanna imeachta ionduchtaithe foirne NCCA agus forbairt ghairmiúil leanúnaí na foirne.
- Taispeántar an Ráiteas um Chumhdach Páistí go poiblí i gceannoifig CNCM ag 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, agus Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair, Cúil Chip Rua, Port Laoise, Co. Laois. Tá sé ar fáil ar líne freisin ag info@ncca.ie nó ar is féidir é a iarraidh ó info@ncca.ie.

## Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Glacann CNCM leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chur i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhochar agus iad i dteagmháil le foireann CNCM. Athbhreithnítear an Ráiteas um Chumhdach Leanaí go bliantúil leis an gcéad athbhreithniú eile i Meán Fómhair 2023 nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar a dtagraíonn an ráiteas dó.

Síniú:



Emer Egan, an Cathaoirleach

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Le haghaidh ceisteanna, téigh i dteagmháil le do thoil le **Arlene Forster (POF),** Duine Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, ag **arlene.forster@ncca.ie**